Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14512/23**

**COPS 542**
**POLMIL 301**
**ESPACE 84**
**CONOP 113**
**EUMC 473**
**EU-GNSS 20**
**TRANS 497**
**CSC 522**
**CSDP/PSDC 767**
**CFSP/PESC 1526**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14509/23 COPS 512 POLMIL 284 ESPACE 77 CONOP 102 EUMC 452 EU-GNSS 18 TRANS 454 CSC 501 CFSP/PESC 1447 CSDP/PSDC 730 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Samhain 2023.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI:

- Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint – d'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta1,

- Conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2023 maidir le 'Úsáid chóir inbhuanaithe an spáis'[2],

- Conclúidí ón gComhairle an 10 Meitheamh 2022 maidir le 'Cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta'[3],

- Conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt[4],

- Conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha[5]

- Conclúidí ón gComhairle an 11 Samhain 2020 maidir le 'Treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis'[6],

---

[1] 7371/22.
[2] 9675/23.
[3] 10071/22.
[4] 9364/22.
[5] 10016/22.
[6] 12851/20.

1. AITHNÍONN SÍ go bhfuil teicneolaíocht, sonraí agus seirbhísí spáis éirithe ríthábhachtach do shochaithe agus geilleagair na hEorpa agus i saol laethúil mhuintir na hEorpa agus go spreagann siad taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht, go gcruthaíonn siad deiseanna fostaíochta agus fás eacnamaíoch, go méadaíonn siad ar iomaíochas na hEorpa, go dtacaíonn siad leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus go gcosnaíonn agus go gcoimircíonn siad an tAontas agus a chuid saoránach, agus go bhfeabhsaíonn siad ar athléimneacht agus slándáil an Aontais; dá bhrí sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ cineál straitéiseach an spáis agus an gá atá le haghaidh a thabhairt, mar Eorpaigh, ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo sa réimse sin; LEAGANN SÍ BÉIM AR a dhiongbháilte atá an tAontas, mar chumhacht spáis dhomhanda, freagairtí láithreacha agus fadtéarmacha a sholáthar i ndáil leis na dúshláin sin;

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur coimín domhanda é an spás, oscailte don taiscéalaíocht agus le húsáid ag gach stát gan aon idirdhealú, ar bhonn cothrom agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Cairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, infheidhme maidir leis an gcianspás; agus MEABHRAÍONN SÍ gur cloch choirnéil an rialachais dhomhanda sa chianspás iad an Conradh Cianspáis, conarthaí eile na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcianspás, de réir mar is infheidhme, agus na treoirphrionsabail arna bhforbairt faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, agus go gcuirtear ar fáil leo sin creat bunriachtanach le haghaidh taiscéalaíocht shíochánta agus úsáid an chianspáis a bheidh ar leas gach tíre, gan beann ar mhéid a bhforbartha eacnamaíche nó eolaíche; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí spáis a chur i gcrích i gcomhréir leis na conarthaí agus leis na prionsabail sin; TATHANTAÍONN SÍ AR an gCoimisiún torthaí a chur i láthair a eascraíonn as an anailís ar na gnéithe dlíthiúla agus ar na himpleachtaí dlíthiúla a ghabhann leis an dearbhú a rinne an tAontas go nglacann sé leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Chonarthaí agus Coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCianspás, ar glacadh é a bhfuiltear ag súil leis ó na mórchumhachtaí spáis uile, agus i gcás inarb iomchuí, togra a ullmhú maidir leis an ábhar sin;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur réimse é an cianspás ina bhfuil méadú ar an bplódú ann agus ar an gconspóid ina leith, agus gur minice a chuirtear in aghaidh an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe ann le blianta beaga anuas; CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil dlús curtha le hiompraíochtaí mífhreagracha naimhdeacha i réimse an spáis le blianta beaga anuas, rud a mhéadaíonn an baol go mbeidh éifeachtaí iarmharta ann do shaoránaigh, eagraíochtaí, tionscail agus gnólachtaí na hEorpa; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tionchar diúltach a bhíonn ag tástálacha scriosacha diúracán frithshatailíte ardaithe dhírigh ar bhraistint na bagartha agus ar ghiniúint smionagair spáis araon, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar shaor-rochtain ar an spás; MEABHRAÍTEAR DI go raibh éifeachtaí iarmharta suntasacha ag an tástáil scriosach dheireanach diúracáin frithshatailíte a rinne an Rúis i mí na Samhna 2021, agus a ghin líon suntasach smionagair spáis, agus ag an gcibirionsaí ar bhonneagar teileachumarsáide spáis ViaSat, a tharla i mí Feabhra 2022 nuair a bhí cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ag dul in olcas, éifeachtaí a léiríonn go bhfuil dlúthnasc idir an tslándáil spáis, an tsábháilteacht spáis agus an chibearshlándáil; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir le bagairtí ar bhonneagar, córais agus seirbhísí spáis a bheith ina ndlúthchuid de straitéisí hibrideacha lena gcomhcheanglaítear imeaglú, díchobhsú agus suaitheadh eacnamaíoch, agus gur féidir iarmhairtí neamh-intuartha a bheith acu do raon leathan úsáideoirí; CUIREANN SÍ I bhFÁTH go mbíonn tionchar ag iompraíochtaí mar sin ar shlándáil agus ar chosaint an Aontais, na mBallstát agus na saoránach;

4. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh iompraíochtaí mífhreagracha naimhdeacha sa spás, lena n-áirítear iarrachtaí ar chur as do bhonneagar, córais agus seirbhísí spáis nó iad a ionramháil nó a scriosadh, bac a chur ar sheirbhísí riachtanacha spáis; CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhféadfadh sé sin an bonn a bhaint de shábháilteacht agus slándáil an Aontais, na mBallstát agus na saoránach, agus den tslándáil eacnamaíoch, agus go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do sheirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear seirbhísí a thacaíonn le hinstitiúidí agus próisis dhaonlathacha, agus an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a chur i mbaol;

5. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an spás ríthábhachtach do shaoirse gníomhaíochta agus do chinnteoireacht uathrialach an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an spás mar réimse oibríochtúil do shlándáil agus cosaint, mar aon leis an talamh, an mhuir, an t-aer agus an cibeardhiminsean;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feabhas a chur ar athléimneacht shócmhainní spáis an Aontais agus ar an gcumas iompraíochtaí naimhdeacha agus mífhreagracha a bhrath agus a shainaithint go pras, agus freagairt orthu sin go comhréireach éifeachtach daingean, trí úsáid a bhaint as gach uirlis de chuid an Aontais atá ar fáil, i gcomhar le Ballstáit an Aontais, i ndáil lena n-inniúlachtaí náisiúnta, agus i gcomhréir le cineál sonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe;

7. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé córais agus seirbhísí spáis dé-úsáide a fhorbairt chun riachtanais na n-úsáideoirí slándála agus cosanta a chur san áireamh, a mhéid is féidir, ón tús, agus an leibhéal slándála agus athléimneachta is gá á ráthú agus cineál sibhialta Chlár Spáis an Aontais á choinneáil ag an am céanna; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ábhartha atá réitigh spáis iartheachtacha do shlándáil agus cosaint agus an gá atá le tacú le glacadh úsáideoirí; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcabhródh sé sin le nuálaíocht a chothú san Aontas, le hiomaíochas earnáil an spáis a neartú, agus le comhar idir na Ballstáit a fheabhsú;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhbheart trédhearcachta agus cothaithe muiníne é straitéisí, prionsabail agus beartais phoiblí slándála spáis a scaoileadh, mar a aithníonn na Náisiúin Aontaithe, agus go rannchuidíonn sé le rúin a shoiléiriú, agus go leagtar amach ar an gcaoi sin ullmhacht an Aontais agus a Bhallstát bagairtí a chosc agus freagairt orthu;

9. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le 'Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint'[7]; MEASANN SÍ go leagtar síos leis sin an dúshraith is gá chun aghaidh a thabhairt go cuí ar chineál straitéiseach an spáis; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá a áirithiú go gcuirfear na gníomhaíochtaí chun feidhme go tráthúil mar a chomhaontaigh na Ballstáit sna conclúidí seo ón gComhairle;

[7] 7315/23.

## I. CUR LENÁR DTUISCINT AR BHAGAIRTÍ SPÁIS

10. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí anailís rúnaicmithe bhliantúil ar thimpeallacht na mbagairtí spáis a ullmhú, i gcomhar leis na Ballstáit agus ag tarraingt ar a gcuid saineolais, lena ndíreofar ar ghníomhaithe atá ag bagairt ar an Aontas i réimse an spáis; IARRANN SÍ ar an Ardionadaí an anailís sin a chomhroinnt le Ballstáit an Aontais agus le geallsealbhóirí ábhartha an Aontais de réir mar is gá dóibh an t-eolas sin a bheith acu; MOLANN SÍ don Choimisiún, chomh maith le gníomhaithe spáis idir phoiblí agus phríobháideach, cur leis an tuiscint ar bhagairtí spáis trí fhaireachán slándála a dhéanamh ar a gCláir Spáis; IARRANN SÍ ar an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC) an anailís bhliantúil ar thimpeallacht na bagartha spáis a chur san áireamh san athbhreithniú ar anailís an Aontais ar bhagairtí;

11. Chuige sin, MOLANN SÍ go neartófaí, faoi choimirce an Ardionadaí, SIAC, mar aon le seirbhísí faisnéise míleata agus sibhialta na mBallstát, d'fhonn cur lena dtuiscint straitéiseach ar bhagairtí spáis agus ar an bhfrithspás, trína n-áireamh sna riachtanais faisnéise; IS DÍOL SÁSAIMH DI an rannchuidiú a dhéanann Lárionad Satailítí an Aontais chun tacú le SIAC mar chumas uathrialach ionstraimeach de chuid an Aontais lena gcuirtear faisnéis gheospásúil ar fáil;

## II. ATHLÉIMNEACHT AGUS COSAINT CHÓRAIS AGUS SHEIRBHÍSÍ SPÁIS AN AONTAIS A FHEABHSÚ

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé leibhéal cosanta agus athléimneachta na gcóras agus na seirbhísí spáis, chomh maith le slabhraí luacha criticiúla, a fheabhsú a thuilleadh san Aontas agus sna Ballstáit;

13. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá creat coiteann athléimneachta a bheith ag an Aontas ina gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí na hearnála spáis agus a boinn thionsclaíoch, na bagairtí iltoiseacha slándála a mbíonn tionchar acu ar bhonneagair, córais agus seirbhísí spáis, agus gur gá ilroinnt an mhargaidh aonair do sheirbhísí agus táirgí spáis a sheachaint, agus iomaíochas domhanda thionscal Spáis an Aontais a fheabhsú ag an am céanna; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún togra reachtach ('dlí spáis an Aontais') a mholadh, bunaithe ar mheasúnú tionchair agus ar chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí, a bheidh saincheaptha do riachtanais earnáil an spáis agus lena dtabharfar aghaidh ar phríomhghnéithe maidir le hathléimneacht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí spáis, lena gcomhlánófaí an dara Treoir NIS agus an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, lena gcuirfí le comhchaighdeáin a shainiú agus a chur chun cinn, agus lena gcuirfí iompar freagrach sa spás chun cinn i gcomhréir leis an bplé atá ar siúl sna Náisiúin Aontaithe; TACAÍONN SÍ le dlúthchomhairliúchán leis na Ballstáit agus MEABHRAÍONN SÍ gur gá a n-inniúlachtaí agus a sainchumais a urramú go hiomlán, lena n-áirítear a slándáil náisiúnta a choimirciú; MEABHRAÍTEAR DI, agus ceanglais slándála á sainiú agus á gcur chun feidhme, gur gá prionsabal na comhréireachta a urramú go hiomlán, agus sainiúlachtaí i gcumais theicneolaíocha na mBallstát a chur san áireamh; CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) mar struchtúir faireacháin ar shlándáil spáis Chlár Spáis an Aontais, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról lárnach atá aici maidir le slándáil oibríochtúil chórais satailíte an Aontais a áirithiú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le huathriail straitéiseach an Aontais, agus IARRANN SÍ go mbunófaí comhordú níos fearr idir EUSPA agus lárionaid náisiúnta faireacháin slándála;

14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé feasacht agus athléimneacht thionscal spáis an Aontais a neartú, go háirithe ós rud é go bhféadfadh sé go ndéanfaí sprioc gníomhaíochta naimhdí de ghníomhaithe tráchtála a rannchuidíonn le slándáil agus le cosaint an Aontais agus a Bhallstát; agus dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún chun Lárionad an Aontais um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise Spáis (ISAC) a bhunú in 2024, le tacaíocht EUSPA, chun malartú dea-chleachtais maidir le bearta athléimneachta a éascú, saineolas slándála a fhorbairt, agus athléimneacht thionscal spáis an Aontais a neartú, lena n-áirítear gníomhaithe tráchtála nua ('Spás Nua');

15. AITHNÍONN SÍ gur gá ceannasacht theicneolaíoch agus iomaíochas earnáil spáis an Aontais a threisiú a thuilleadh trí shlándáil sholáthar na dteicneolaíochtaí criticiúla atá ábhartha don spás agus trí rochtain neamhshrianta ar na teicneolaíochtaí sin a áirithiú, agus comhar comhthairbheach le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo á chaomhnú ag an am céanna; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an Tascfhórsa Comhpháirteach idir an Coimisiún (le tacaíocht EUSPA), an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) faoi údarás an Ardionadaí; ÁITÍONN SÍ AR an gCoimisiún riachtanais chórais spáis an Aontais a chur san áireamh sa 'Gníomh um Shliseanna', darb aidhm comhpháirteanna a dhearadh ar sainaithníodh spleáchais chriticiúla ina leith agus tacú le slabhraí soláthair an Aontais atá ríthábhachtach do mhisin spáis an Aontais, go háirithe do Chláir Spáis an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an rialachán maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach a scagadh agus a ábhartha atá sé maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach a scagadh i gcás ina sainaithnítear bagairtí ar leasanna slándála an Aontais agus/nó na mBallstát;

16. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun spleáchais straitéiseacha ar theicneolaíochtaí a laghdú, ar teicneolaíochtaí iad atá ríthábhachtach do thionscadail spáis atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo san Aontas, agus do Chláir Spáis an Aontais freisin, agus iomaíochas domhanda thionscal spáis an Aontais á fheabhsú ag an am céanna; MOLANN SÍ don Choimisiún treochlár a dhearadh do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanfar amach anseo, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le tionscal an Aontais, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile;

17. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dlús a chur leis an nuálaíocht sna teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus sna teicneolaíochtaí suaiteacha, mar shampla rochtain nua ar theicneolaíochtaí spáis, seirbhísiú i bhfithis, nasc idirshatailíte, nó teicneolaíochtaí criptithe;

## III. <u>AG FREAGAIRT AR BHAGAIRTÍ SPÁIS</u>

18. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR go dtreiseofar slándáil an Aontais agus a Bhallstát nuair a chuirfear feabhas ar shlándáil an spáis; LEAGANN SÍ BÉIM air gur gá deiseanna breise a chur ar fáil chun na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid, ar bhonn cás ar chás, chun bagairtí spáis a chosc, a dhíspreagadh agus, más gá, chun freagairt go hiomchuí orthu;

19. Agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas agus Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021[8] á chur chun feidhme, IARRANN SÍ ar an Ardionadaí an tOllstruchtúr Freagartha ar an mBagairt Spáis a threisiú, agus féachaint ar fhreagairtí breise mar shampla ráitis agus bearta coisctheacha, cobhsaíochta agus comhoibritheacha faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear, más gá, bearta sriantacha; chun na críche sin, IARRANN SÍ ar an Ardionadaí, i gcomhar leis an gCoimisiún, maidir leis na gnéithe fothaithe acmhainneachta, agus ar na Ballstáit, bosca uirlisí tiomnaithe a fhorbairt le haghaidh freagairtí comhpháirteacha ón Aontas ar iompraíocht mhífhreagrach naimhdeach i réimse an spáis, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lena gcomhlánófar na creataí slándála atá bunaithe cheana féin i réimsí straitéiseacha eile agus go háirithe bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta agus an bosca uirlisí hibrideach, agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas ó na boscaí uirlisí sin a bhunú;

[8] Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES, arna leasú go deireanach le Cinneadh (CBES) 2023/598 ón gComhairle an 14 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/698 chun Clár an Aontais um Nascacht Shlán a áireamh ann.

20. MEABHRAÍTEAR DI gur cinneadh polaitiúil ceannasach de chuid na mBallstát fós é an cinneadh aon bhagairt spáis a lua le gníomhaí sonrach tríú stát bunaithe ar raon leathan faisnéise agus eolais chomh maith le fianaise theicniúil, agus gur cheart é a dhéanamh ar bhonn cás ar chás i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta maidir le freagracht stáit; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá comhroinnt faisnéise agus comhar idir na Ballstáit agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a neartú chun go mbeifear in ann eolas agus faisnéis ábhartha slándála a fháil go tráthúil, lena n-áirítear maidir le rud a lua le gníomhaí ar leith, nuair is féidir, agus ar an gcaoi sin freagairt thapa, éifeachtach agus réasúnaithe ar bhagairtí spáis agus ar ghníomhaíocht naimhdeach i réimse an spáis a chumasú;

21. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur cheart, chun córais agus seirbhísí spáis an Aontais agus na mBallstát a chosaint ar bhagairtí, faisnéis straitéiseach a chomhlánú le faisnéis stóinsithe inghníomhaithe thráthúil maidir le himeachtaí slándáil-ábhartha i réimse an spáis; LEAGANN SÍ BÉIM AR a bhunriachtanaí a bhíonn an fhaisnéis sin maidir le feasacht i réimse an spáis chun tacú leis an gcinneadh as a n-eascraíonn freagairt ar bhagairtí spáis agus gníomhaíocht naimhdeach; MEABHRAÍTEAR DI gur saincheart agus acmhainneacht cheannasach de chuid na mBallstát a eascraíonn as foinsí éagsúla í an fheasacht i réimse an spáis agus gur cinneadh ceannasach deonach é an fhaisnéis sin a chomhroinnt a dhéanfaidh gach Ballstát; IARRANN SÍ ar an Ardionadaí, ar na Ballstáit a bhfuil na cumais agus na sócmhainní ábhartha acu, agus ar an gCoimisiún, de réir mar is iomchuí, socruithe a shainiú maidir leis an bhfaisnéis sin a chomhroinnt agus a úsáid, d’fhonn go mbeidh an Chomhairle in ann plé eolasach a dhéanamh maidir leis an bhfreagairt ar aon bhagairt spáis ar leith;

22. IARRANN SÍ ar na Ballstáit feabhas a chur, i gcás inarb iomchuí, ar an gcomhar sibhialta agus míleata maidir le slándáil spáis agus maidir le hoiliúint agus freachnaimh chosanta, agus inniúlacht Eorpach a mhéadú i dtaca le cleachtaí, dearadh, pleanáil agus meastóireacht, trí scileanna agus cumais na mBallstát a ghiaráil; agus iad ag tarraingt ar an gcleachtadh bliantúil maidir le cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle agus ar na freachnaimh spáis eile arna n-eagrú ag na Ballstáit agus ag na comhpháirtithe, IARRANN SÍ ar an Ardionadaí plean ilbhliantúil a bhunú le haghaidh cleachtaí rialta trasphobail agus il-leibhéil slándála agus cosanta spáis chun freagairt an Aontais ar theagmhais mhórscála slándála spáis a thástáil agus a fhorbairt, agus iad siúd a leanas rannpháirteach sa phleanáil sin: an Chomhairle, an Coimisiún, agus geallsealbhóirí ábhartha lena n-áirítear EUSPA, Foireann Mhíleata an Aontais, agus Lárionad Satailítí an Aontais, agus gníomhaithe príobháideacha ábhartha i gcás inarb iomchuí; IARRANN SÍ ar an Ardionadaí páirt a thabhairt do mheithleacha ábhartha na Comhairle de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh; LEAGANN SÍ BÉIM AIR gur cheart an clár freachnamh spáis sin a bheith idirnasctha le beartas ginearálta freachnamh an Aontais agus cur leis an mbeartas sin;

23. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa chúnamh frithpháirteach mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh (Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach), i gcomhréir le prionsabail ábhartha an dlí idirnáisiúnta agus cineál sonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe á chur san áireamh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh ionsaithe i réimse an spáis a bheith ina bhfogha armtha i gcoinne Ballstát amháin nó roinnt Ballstát ar a gcríoch agus, dá bhrí sin, gur forais a bheadh iontu chun Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a agairt; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé ullmhacht a mhéadú; IARRANN SÍ ar an Ardionadaí leanúint den obair atá ar bun leis na Ballstáit trí fhreachnaimh tráthrialta maidir le cur chun feidhme an airteagail, ar fud réimsí straitéiseacha, lena n-áirítear imeachtaí a bhaineann leis an spás arb ionann iad agus fogha armtha i gcoinne Ballstát amháin nó roinnt Ballstát;

## IV. <u>FEABHAS A CHUR AR ÚSÁID AN SPÁIS DON tSLÁNDÁIL AGUS DON CHOSAINT</u>

24. MEABHRAÍONN SÍ gur cumasóir criticiúil é an spás do mhisin agus d’oibríochtaí míleata chomh maith le bheith ar cheann dá réimsí oibríochtúla mar aon le talamh, muir, aer agus cibearspás;

25. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá gné an spáis a chomhtháthú go hiomlán i bpleanáil agus i seoladh mhisin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), agus, chuige sin, IARRANN SÍ AR an Ardionadaí coincheapa a fhorbairt maidir le húsáid an spáis i rannpháirtíochtaí oibríochtúla CBSC, i gcomhréir iomlán le tiomantas seanbhunaithe idirnáisiúnta an Aontais slándáil, cobhsaíocht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht an chianspáis a neartú agus rás arm sa chianspás nó coinbhleacht armtha sa chianspás a chosc;

26. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur de chineál dé-úsáide iad formhór na gcumas spáis; AITHNÍONN SÍ gur gá leas a bhaint as seirbhísí lena n-úsáid ag an rialtas ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear don tslándáil agus don chosaint, agus an deis a thapú iad a fhorbairt a thuilleadh, gan na cumais atá ann cheana nó iad siúd atá beartaithe ar an leibhéal náisiúnta a dhúbláil agus inniúlachtaí na mBallstát maidir leis an ábhar sin á n-urramú go hiomlán, agus rialú sibhialta agus cineál Chláir Spáis an Aontais á gcaomhnú freisin agus, ag an am céanna, tús áite a thabhairt do chuspóirí uile Chláir Spáis an Aontais den CAI sin a bhaint amach;

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ról an spáis i réimse na slándála agus na cosanta, ar ról é atá ag méadú, maidir leis an bhforbairt ar Cláir Spáis an Aontais; sa chomhthéacs sin, iarrann sí ar an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar na sineirgí idir Cláir Spáis an Aontais, an Ciste Eorpach Cosanta, agus Fís Eorpach; MOLANN SÍ don Choimisiún riachtanais úsáideoirí slándála agus cosanta a bhaineann le spás a chur san áireamh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na riachtanais agus na ceanglais slándála agus chosanta is gá a chur san áireamh agus córais agus seirbhísí spáis nua de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann á gceapadh agus á ndearadh agus na cinn atá ann cheana á n-uasghrádú;

28. IARRANN SÍ ar GEC na riachtanais agus na ceanglais chosanta a bhaineann le spás arna gcur in iúl ag na Ballstáit a shainaithint; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit agus do GEC leas a bhaint as an deis a eascraíonn as an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Cumais chun ardleibhéal uaillmhéine a leagan síos chun cumais chomhoibritheacha cosanta spáis a fhorbairt ar leibhéal an Aontais;

29. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh maidir le tacú le cinnteoireacht uathrialaitheach an Aontais agus a Bhallstát mar chumas uathrialach Eorpach lena soláthraítear táirgí agus seirbhísí a eascraíonn as saothrú na sócmhainní ábhartha spáis agus na sonraí comhthaobhacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go n-iarrtar leis an gCompás Straitéiseach go neartófaí Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh chun borradh a chur faoi acmhainneacht uathrialaitheach faisnéise geospásúla an Aontais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil a uathriail ag brath ar réimse éagsúil d'fhoinsí íomhánna satailíte agus de shonraí comhthaobhacha; dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, síniú Creat-Chomhaontaithe Chomhpháirtigh maidir le rochtain ar shonraí rialtais spáis um fhaire na Cruinne do Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh chomh maith le haon tionscadal PESCO ábhartha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, mar shampla 'Mol Comhchoiteann d'Íomhánna Rialtasacha';

30. agus GUR DÍOL SÁSAIMH DI an measúnú atá ar na bacáin ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun seirbhís nua rialtais de chuid an Aontais um fhaire na Cruinne a fhorbairt a chomhlánódh na cumais atá ann cheana agus na cinn atá beartaithe, a fhreagródh ar riachtanais shainaitheanta, agus a chuirfeadh san áireamh tionscnaimh atá ann cheana faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh Cosanta agus thionscadail PESCO, mar shampla EDF22 SPIDER agus 'Mol Comhchoiteann d'Íomhánna Rialtasacha' (CoHGI); MOLANN SÍ don Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar roghanna fadtéarmacha maidir le cur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear na cumais um fhaire na Cruinne a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo san Aontas agus féachaint ar ról mar phríomhthionónta trí shonraí agus seirbhísí a cheannach, go háirithe trí Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh; MEABHRAÍONN SÍ gur cheart ról lárnach a bheith ag na Ballstáit i rialachas na seirbhíse féideartha sin, ina sainiú agus ina cur chun feidhme araon, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá saineolas agus comhlántacht Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus EUSPA a chur san áireamh; AITHNÍONN SÍ an togra ón gCoimisiún chun cuidiú le rialachas iomchuí a shainiú trí 'scéim phíolótach' arna tástáil mar chuid de Copernicus in CAI 2021-2027 gan dochar d'aon chinneadh maidir leis an CAI a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear chun an leibhéal iomchuí slándála a áirithiú, agus chun teicneolaíochtaí ábhartha a shainaithint; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá cineál sibhialta Copernicus a urramú agus a bheartas reatha sonraí agus faisnéise a chaomhnú;

31. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É gur freagracht náisiúnta é faisnéis a bhaineann le SDA a sholáthar; MOLANN SÍ go bhforbrófar cumais thiomnaithe bhreise a bhfuil gá leo do SDA, mar shampla braiteoirí, cumais anailíse, agus teicneolaíochtaí eile, ar bhealach comhoibríoch nuair is féidir, lena n-áirítear le tacaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach Cosanta; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún maidir le scéim phíolótach atá le cur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí agus leis na Ballstáit chun féachaint ar shineirgí a bheidh ann amach anseo leis an bhfo-chomhpháirt maidir le faireachas agus rianú spáis an Aontais; dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI tionscadail PESCO a thacaíonn le cumais um Fheasacht ar Fhaireachais Spáis a líonrú i measc Bhallstáit an Aontais (mar shampla an 'Líonra Míleata Eorpach um Fheasacht ar Fhaireachas Spáis' (EU-SSA-N)); ATHDHEARBHAÍONN SÍ go dtacaíonn sí le cumais faireachais agus rianaithe spáis an Aontais a threisiú;

32. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cumasóirí ríthábhachtacha iad seirbhísí PNT athléimneacha, mar shampla seirbhís phoiblí rialáilte (PRS) Galileo do ghníomhaithe sibhialtacha agus míleata; AITHNÍONN SÍ go neartófar an ghné slándála agus chosanta de chumais PNT an Aontais trí rochtain neamhtheoranta leanúnach ar PRS ar fud an domhain a sholáthar; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé Galileo a fhorbairt a thuilleadh mar chaighdeán uathrialaitheach an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte Eorpach faoi rialú sibhialta chun go mbeidh seasamh maith aige *vis-à-vis* córais loingseoireachta satailíte eile atá in úsáid;

33. dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI forbairt seirbhísí cumarsáide slána athléimneacha d'úsáideoirí rialtais trí IRIS², agus, sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ar an bhforbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar sheirbhísí breise laistigh de IRIS², lena n-áirítear chun críoch slándála agus cosanta; AITHNÍONN SÍ rannchuidiú GES trína chlár roghnach féin maidir le nascacht shlán agus a ról mar a shainmhínítear sa Rialachán lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán don tréimhse 2023-2027;

34. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit rochtain uathrialach, iontaofa, shábháilte, shlán, chostéifeachtach agus iomaíoch ar an spás a áirithiú, lena n-áirítear don tslándáil agus don chosaint, agus dá bhrí sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá saoráidí lainseála leordhóthanacha san Aontas, lena n-áirítear ceapa lainseála a thacaíonn le rochtain uathrialach an Aontais agus a Bhallstát ar an spás; TACAÍONN SÍ leis an mborradh atá beartaithe do chórais lainseála de chuid an Aontais atá nuálach, iontaofa agus ildánach, lena bhféadfaí rochtain an Aontais ar an spás a threisiú, i ndlúthchomhar le GES agus gan dochar dá ghníomhaíochtaí sa réimse sin, a chomhlánódh lainseálaithe de chuid an Aontais atá ann cheana atá riachtanach chun comhpháirteanna Chlár Spáis an Aontais a lainseáil; LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé go gcuirfear tosaíocht Eorpach i bhfeidhm chun cuspóirí an Rialacháin Spáis a bhaint amach; MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint ar bhealaí a d'fhéadfaí a úsáid chun an t-éileamh ar sheirbhísí lainseála Eorpacha a fhrithpháirtiú agus chun tacú le nuálaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt, rud atá bunriachtanach d'iomaíochas thionscal lainseála an Aontais; MEABHRAÍONN SÍ gur gá fís straitéiseach Eorpach a shainiú chun rochtain uathrialach chostéifeachtach iontaofa ar an spás a áirithiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean cuimsitheach a mholadh chun a áirithiú go gcumhdófar go hiomlán a riachtanais institiúideacha, mar aon le riachtanais mhíleata agus slándála na mBallstát, sna blianta amach romhainn;

35. MEABHRAÍONN SÍ go spreagfar, le hobair chomhoibríoch idir gnólachtaí nuathionscanta spáis, slándála agus cosanta, forbairt teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha agus réitigh an-nuálach ar fad don tslándáil agus don chosaint, agus go gcothófar iomaíochas agus nuálaíocht fhoriomlán thionscail spáis agus cosanta an Aontais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feabhas a chur ar an gcomhar idir gnólachtaí nuathionscanta agus gníomhaithe tionsclaíocha seanbhunaithe, chomh maith le cuimsitheacht na bhfiontar beag agus meánmhéide a chur chun cinn; agus IARRANN SÍ go mbainfí an leas is fearr as na hionstraimí atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, mar shampla tionscnamh fiontraíochta spáis CASSINI agus an scéim nuálaíochta cosanta - lena n-áirítear 'Spás Nua';

36. MOLANN SÍ, i gcomhthéacs ganntanas scileanna ar fud an Aontais i réimse an spáis, na slándála agus na cosanta, go bhforbrófaí scileanna sa riarachán poiblí, lena n-áirítear i réimse na cosanta agus na faisnéise, agus i dtionscal an Aontais; TACAÍONN SÍ le mapáil GEC ar ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna slándála spáis agus cosanta chun tacú leis an riarachán poiblí, lena n-áirítear fórsaí armtha agus réimse na faisnéise; IARRANN SÍ ar an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le GEC, malartú dea-chleachtais a chur chun cinn, chun scileanna cosanta spáis a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil ina leith; dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Acadamh Spáis an Aontais agus comhpháirtíocht mhórscála maidir le scileanna a fhorbairt, le tacaíocht ó EUSPA; agus MOLANN SÍ don Choimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bhraislí agus tionscnaimh réigiúnacha a rannchuidíonn le scileanna a fheabhsú i réimse na slándála spáis agus na cosanta spáis;

## V. <u>COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH IOMPRAÍOCHTAÍ FREAGRACHA SA CHIANSPÁS</u>

37. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcabhródh prionsabail atá comhroinnte ar fud an domhain maidir le hiompraíochtaí freagracha leis an gcomhar idirnáisiúnta sa spás a mhéadú, slándáil an spáis a fheabhsú, a bheith tiomanta gan cur isteach frithpháirteach a dhéanamh ar thaiscéalaíocht shíochánta agus úsáid an chianspáis, rochtain chothrom ar an gcianspás a éascú, agus le trédhearcacht agus muinín a mhéadú agus gníomhaíochtaí spáis á ndéanamh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir le hiompraíochtaí áirithe a dhéanann stáit sa chianspás a bheith bagrach nó go bhféadfaí a mheas go bhfuil siad bagrach agus go bhféadfadh géarú neamhshrianta a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear trí mhíthuiscint, míbhrí, nó míríomh a bheith ann;

38. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, i bhfianaise cineál dé-úsáide an-chuid de na córais spáis, gurb é an bealach is pragmataí agus is práinní chun an tslándáil spáis sa lá atá inniu ann a fheabhsú ná cur chuige lena laghdaítear bagairtí spáis trí iompraíocht fhreagrach, a fhaigheann tacaíocht ó chumais faireacháin ábhartha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart noirm, rialacha agus prionsabail iompraíochtaí atá freagrach a mheas thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí spáis, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú ar bhealach suntasach leis an tslándáil a chur chun cinn sa chianspás, chomh maith le húsáid chobhsaí, shábháilte agus inbhuanaithe an chianspáis chun críoch síochánta a choimirciú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá formáid chuimsitheach agus cur chuige il-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear rannpháirtíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta, gníomhaithe tráchtála, agus ionadaithe na sochaí sibhialta, agus aghaidh á tabhairt ar bhagairtí spáis ar an tsíocháin idirnáisiúnta agus ar an tslándáil idirnáisiúnta; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil Ballstáit an Aontais faoi réir chun leanúint de bheith ag obair faoi choimirce na Náisiún Aontaithe chun na noirm, na rialacha agus na prionsabail sin a bhunú, ag tógáil ar an móiminteam a d’eascair as an Meitheal Neamhiata is déanaí maidir le bagairtí spáis a laghdú trí noirm, rialacha agus prionsabail iompraíochtaí atá freagrach, lena n-áirítear maidir le rún 77/41 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe; ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach n-eisiatar, le gealltanais atá ceangailteach ó thaobh na polaitíochta de agus a bhaineann le hiompraíocht fhreagrach, go bhféadfaí ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bheith ann amach anseo, ar ionstraimí iad, má tá siad le bheith éifeachtach, nach mór dóibh a bheith infhíoraithe agus gach bagairt ábhartha a chumhdach;

39. CÁINEANN SÍ na tástálacha scriosacha diúracán frithshatailíte ardaithe dhírigh a dhéantar mar ghníomh soiléir d'iompraíochtaí mífhreagracha sa chianspás; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanas daingean Bhallstáit an Aontais gan tástálacha scriosacha diúracán frithshatailíte ardaithe dhírigh a dhéanamh de bhun rún 77/41 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus iarrann sí ar na stáit uile a bheith páirteach sa ghealltanas sin; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil Ballstáit an Aontais réidh chun oibriú le Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe chun cur leis an móiminteam sin chun aghaidh bhreise a thabhairt ar iompraíochtaí mífhreagracha;

40. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá an tAontas agus a Bhallstáit iarrachtaí a shaothrú agus dlús a chur leo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa chianspás trí chomhar agus comhoibriú idirnáisiúnta, le rannpháirtíocht Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe agus geallsealbhóirí ábhartha eile agus comhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe i bpróisis a bhaineann leis an gCéad Choiste agus leis an gCeathrú Coiste de chuid na Náisiún Aontaithe; dearbhaíonn sí GO BHFUIL SÍ TIOMANTA do rannpháirtíocht leanúnach agus chuiditheach i ngach eagraíocht idirnáisiúnta ábhartha, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar fheidhm a bheith ag an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana, gan fhorchoimeádas, sa chianspás agus maidir leis an gcianspás;

41. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na tairbhí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála spáis mar chuid d'idirphlé ábhartha an Aontais le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta; dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI an t-idirphlé maidir le slándáil spáis le comhpháirtithe déthaobhacha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil an dearcadh céanna acu, go háirithe an t-idirphlé seanbhunaithe leis na Stáit Aontaithe mar chomhpháirtí straitéiseach; IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i gcomhréir lena róil agus lena n-inniúlachtaí faoi seach, athbhreithniú a dhéanamh ar an idirphlé déthaobhach atá ann cheana maidir le slándáil spáis agus, más gá, a mholadh go dtionscnófar idirphlé comhchosúil le tíortha breise nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus tuairisc a chur go tráthrialta chuig na Ballstáit maidir le hullmhúcháin agus torthaí gach idirphlé slándála spáis, i gcomhréir leis an gcleachtas seanbhunaithe;

42. Tar éis an tríú dearbhú comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT an 10 Eanáir 2023, ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá an comhar le ECAT maidir leis an spás a neartú, a dhoimhniú agus a leathnú a thuilleadh agus lánurraim á tabhairt do na treoirphrionsabail a comhaontaíodh, is iad sin oscailteacht fhrithpháirteach agus trédhearcacht, cómhalartacht agus cuimsitheacht, chomh maith le huathriail chinnteoireachta an dá eagraíocht, agus seachaint dúblála neamhriachtanaí agus comhleanúnachas agus idir-inoibritheacht leordhóthanach a choinneáil idir an dá eagraíocht á gcur san áireamh; MOLANN SÍ go mbeadh dlúthchomhar ann idir foireann an Aontais agus foireann ECAT chun caighdeáin maidir le slándáil agus cosaint spáis a phlé, lena n-áirítear gluais agus sainmhínithe; IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún féachaint ar réimsí nua comhair a d'fhéadfadh a bheith ann i réimse an spáis, mar shampla comhpháirt réimse an spáis a chur san áireamh i bhfreachnaimh chuimsitheacha chomhpháirteacha, agus leanúint den chleachtas seanbhunaithe maidir le tras-fhaisnéisithe frithpháirteacha agus cuirí cómhalartacha chuig imeachtaí faoi seach; sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI an obair leanúnach atá á déanamh ar idirphlé struchtúrtha a bhunú maidir leis an spás idir an tAontas agus ECAT ar leibhéal na foirne;

## VI. **CONCLÚID**

43. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an Straitéis Spáis um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus i gcomhréir leis na conclúidí sin;

44. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an gcéad tuarascáil chomhpháirteach bhliantúil ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún in 2024 maidir leis an dul chun cinn a rinneadh agus na gníomhaíochtaí breise a d'fhéadfaí a dhéanamh.